Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Márta 2023
(OR. en)

7568/23
ADD 5

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0079(COD)**

COMPET 234
IND 123
MI 213
POLCOM 49
RELEX 367
RECH 95
IA 46
CODEC 412

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 162 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 162 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 162 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.3.2023
SWD(2023) 162 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020**

{COM(2023) 160 final} - {SEC(2023) 360 final} - {SWD(2023) 160 final} - {SWD(2023) 161 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnacht Tionchair ar an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla** |
| **A. Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá amhábhair chriticiúla ina n-ionchuir fhíor-riachtanacha inár ngeilleagar, go háirithe toisc go n-úsáidtear iad chun teicneolaíochtaí a mhonarú, teicneolaíochtaí a theastaíonn chun fuinneamh glas a úsáid, a theastaíonn don aistriú digiteach nó d'fheidhmeanna straitéiseacha i gcúrsaí sláinte nó cosanta. Mar gheall ar na riachtanais atá ag méadú arna gcruthú leis an dá aistriú, meastar go méadóidh an t-éileamh ar na hábhair sin go heaspónantúil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon, rud a mbeidh bearnaí san éileamh ar sholáthar mar thoradh air. Ina theannta sin, tá soláthar amhábhair chriticiúla an Aontais ag an gcéim eastósctha agus próiseála comhchruinnithe go mór, agus i dtríú tír amháin corruair. I gcás nach mbeidh an tAontas ábalta soláthairtí leordhóthanacha amhábhar criticiúil a áirithiú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí an tAontas i mbaol na rioscaí seo a leanas mar gheall ar a spleáchas leanúnach orthu : leochaileacht gheopholaitiúil; éifeachtaí díobhálacha comhshaoil agus sóisialta; suaitheadh na slabhraí soláthair tionsclaíocha; praghsanna arda luaineacha lena gcuirtear moill ar an aistriú glas; soláthróirí amhábhar ceannasach agus criticiúil lena dtreisítear an chumhachta margaidh i dtionscail iartheachtacha.<br>ina bhfianaise sin, is í an phríomhfhadhb a sainaithníodh easpa rochtain shlán inbhuanaithe an Aontais ar amhábhair chriticiúla, a chothaítear le trí fho-shaincheist, mar atá rioscaí soláthair a réamh-mheas agus a mhaolú go neamhleor, tearcfhorbairt in acmhainneacht sholáthar amhábhair chriticiúla intíre an Aontais mar gheall ar acmhainn neamhleor ag céimeanna éagsúla den slabhra luacha, agus inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht neamhleor i bhfoinsiú amhábhair chriticiúla an Aontais. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é is cuspóir ginearálta don Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla aghaidh a thabhairt ar an bpríomhfhadhb: easpa rochtain shláin inbhuanaithe ar amhábhair chriticiúla don Aontas Eorpach. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb ar an mbealach is fearr, tugtar aghaidh go díreach ar an bhfadhb a sainaithníodh leis na cuspóirí sonracha seo a leanas:<br>**Cuspóir Sonrach 1**. Feasacht thionscal an Aontais maidir le rioscaí a bhaineann le hamhábhair chriticiúla sa slabhra soláthair domhanda a mhéadú agus na rioscaí sin a mhaolú<br>**Cuspóir Sonrach 2**. Cumas an Aontais maidir leis an slabhra luacha amhábhar criticiúil sa mhargadh inmheánach a mhéadú<br>**Cuspóir Sonrach 3**. Lorg comhshaoil thomhaltas amhábhair chriticiúla an Aontais a laghdú<br>Mar sin féin, ní féidir leis an tionscnamh rialála a bhfuil an Measúnú Tionchair seo mar bhonn leis an gcuspóir a bhaint amach leis féin. Le hiarrachtaí neartaithe chun trádáil agus infheistíochtaí idirnáisiúnta a éagsúlú, áirithítear margaí idirnáisiúnta neamhshaofa, agus cur chun cinn ardchaighdeán sóisialta agus comhshaoil i gcomhpháirtíochtaí agus i gcomhar le tríú tíortha. Beidh gá le hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta chun amhábhair chriticiúla a ionadú agus chun na tionchair chomhshaoil a bhaineann le heastóscadh acmhainní a íoslaghdú, agus le hobair ar scileanna agus glacadh leis an tsochaí freisin. Déantar na gnéithe sin a fhorbairt a thuilleadh sa Teachtaireacht a ghabhann leis atá mar chuid den Ghníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |

Tá gníomhaíocht an Aontais riachtanach chun barainneachtaí scála agus raon feidhme a ghiniúint agus chun ilroinnt na n-iarrachtaí agus na neamhéifeachtúlachtaí gaolmhara a theorannú, mura seachnófar iad. Ar aon dul leis an loighic sin, dírítear sna gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí ina bhfuil breisluach inléirithe trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá. Mar shampla, gníomhaíochtaí a dhírítear ar infheistíocht a shlógadh i dtionscadail amhábhar criticiúil feadh an tslabhra luacha, d'fhéadfaí iad a dhearadh agus a chomhordú ar an mbealach is éifeachtaí ar an leibhéal an Aontais, i bhfianaise scála na n-infheistíochtaí is gá agus toisc gur cheart go bhfreastalódh na hacmhainní a mbeadh mar thoradh air sin ar an margadh inmheánach iomlán. Chomh maith leis sin, le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cumais faireacháin ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, bainfear amach níos mó éifeachtachta leo ná mar a bhainfí amach mura ndéanfaí iad a chomhordú. Is fearr a bheidh na Ballstáit agus an Coimisiún ábalta suaitheadh soláthair a réamh-mheas i dteanna a chéile seachas trí mheascán iarrachtaí náisiúnta. Leis an gcreat atá beartaithe, ba cheart go mbeifí ábalta cúraimí a roinnt ar bhealach níos éifeachtúla agus faisnéis ábhartha a roinnt chun dúbailt iarrachtaí a chosc.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

| |
|---|
| Eagraítear na roghanna i gcolúin éagsúla ina moltar cineálacha éagsúla cur chuige beartais chun na cuspóirí sonracha a chomhlíonadh. Comhcheanglaítear leis na roghanna sraitheanna éagsúla cur chuige beartais bunaithe ar a leibhéal uaillmhéine ach freisin bunaithe ar a bhfuil indéanta le struchtúir rialachais éagsúla, ionas go gcomhlíonfar na cúraimí a léirítear i ngach rogha leis an leibhéal iomchuí acmhainní.<br>Déantar foráil i **rogha beartais 1** maidir le sásra chun spriocanna a leagan síos maidir le hamhábhair straitéiseacha. Cuimsítear inti struchtúr rialachais faoi bhord tiomnaithe amhábhar criticiúil an Aontais agus é tacaithe ag líonra gníomhaireachtaí náisiúnta agus acmhainn oibríochtúil laistigh den Choimisiún. Méadóidh an t-eintiteas sin an cumas faireacháin, éascódh sé comhordú stoic straitéiseacha an Aontais agus d'áiritheodh sé go mbeadh cuideachtaí níos ullmhaithe sula dtarlódh suaitheadh soláthair. Tá eilimintí ann chun tacú leis an slabhra luacha, go sonrach trí chomhordú taiscéalaíochta, tacaíocht fheabhsaithe i gcomhair tionscadail náisiúnta le haghaidh amhábhair chriticiúla agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú. Maidir le ciorclaíocht, déantar foráil inti maidir le moladh lena ndírítear ar earraí leictreonaice beaga tomhaltóirí agus ar fhógairt beart amach anseo. Déantar foráil inti maidir le hiarrachtaí treisithe an Aontais maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos, chomh maith le híoscheanglais le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin maidir le hinbhuanaitheacht amhábhar criticiúil agus ceanglais faisnéise maidir le lorg comhshaoil amhábhar criticiúil a chuirtear ar mhargadh an Aontais.<br>Baineann an sásra rialachais na agus cúraimí céanna le **rogha beartais 2** agus a bhaineann le rogha 1 maidir le faireachán, stoic straitéiseacha agus ullmhacht do rioscaí. Neartaítear léi tuilleadh an slabhra luacha san Aontais trí oibleagáidí níos láidre a fhorbairt maidir le taiscéalaíocht agus trí Thionscadail Straitéiseacha a chur chun feidhme feadh an tslabhra luacha amhábhar straitéiseach. Bhainfeadh na tionscadail seo tairbhe as cead cuíchóirithe agus rochtain éasca ar mhaoiniú. Áirítear ar na bearta a bhaineann le ciorclaíocht leasuithe spriocdhírithe ar an treoir maidir le dramhaíl eastóscach. Áirítear le bearta maidir le caighdeáin táirgí insoláthartha caighdeánaithe breise a fhorbairt maidir le próiseas tionsclaíoch agus cuimsítear forbairt fhorásach tairsí le haghaidh amhábhair chriticiúla sna bearta maidir le lorg comhshaoil má fhoráiltear le measúnú tiomnaithe nach rachadh sé i gcion ar shlándáil an tsoláthair.<br>Forbraítear le **rogha beartais 3** cumas seachtrach i gcomhthéacs rialachais, rud a fhágann gur féidir bearta uaillmhianacha a mholadh maidir le stoic straitéiseacha, faireachán agus ullmhacht rioscaí. Tógann sí freisin ar nóisean na dTionscadal Straitéiseach, a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht bhreise um cheadú trí acmhainní tiomnaithe ó Bhallstáit agus ón gCiste Eorpach amhábhar criticiúil. Tá na bearta ceanna maidir le ciorclaíocht, caighdeáin agus lorg comhshaoil inti agus atá i rogha beartais 2. |
| Tógann na roghanna beartais go léir ar choincheap na n-amhábhar criticiúil agus na n-amhábhar straitéiseach, ar fothacar iad atá dírithe ar na hábhair a theastaíonn le haghaidh feidhmeanna straitéiseacha go háirithe.<br>Tugtar le fios sa mheasúnú tionchair gurb í rogha 2 an rogha ab fhearr, go háirithe ó thaobh éifeachtúlacht agus tacaíocht páirtithe leasmhara de. Ní mór a thabhairt faoi deara go gcuirtear leibhéal uaillmhéine níos airde i láthair i rogha 3 agus bheifí ábalta na cuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí léi. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |

| |
|---|
| Mar gheall ar éagsúlacht na gcolún atá beartaithe, níl sé éasca tuairimí na bpáirtithe leasmhara a chur i leith na roghanna foriomlána. Ina ionad sin, sonraítear sa mheasúnú tionchair tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le gach ceann de na colúin. Ar an iomlán, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil páirtithe leasmhara ón tionscal i bhfabhar na mbeart láidir a mholfaí i rogha 3 go háirithe i gcomhthéacs rialachais agus tacaíochta don slabhra luacha. Tá tuairimí na n-údarás poiblí roinnte, agus beagán níos mó acu i bhfabhar cur chuige gréasánbhunaithe maidir le rialachas, amhail i rogha 2. Thacódh an tsochaí shibhialta leis na bearta is déine i roghanna 2 agus 3 maidir le ciorclaíocht agus lorg comhshaoil. |
| **C. Tionchair na roghanna** |
| **Cad iad buntáistí na roghanna (más ann dóibh; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar le **Rogha 1** go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ann le haghaidh cuideachtaí, mar gheall ar spriocanna lena dtreorófar forbairt na tacaíochta ón Aontas. Bhainfidís tairbhe freisin as acmhainn mhéadaithe faireacháin an Aontais a sholáthródh an líonra, agus spreagfaí a n-éagsúlú agus a bhforbairt athléimneachta le bearta náisiúnta, agus as tacaíocht spriocdhírithe sa slabhra luacha i gcomhthéacs taiscéalaíochta, ceadaithe agus maoinithe. Le bearta maidir le reachtaíocht um aisghabháil dramhaíola dhéanfaí aisghabháil dramhaíola breise a dhreasú agus le ceanglais maidir le dearbhú loirg comhshaoil agus gníomhaíochtaí maidir le caighdeáin chuirfí feabhas ar cháilíocht na faisnéise maidir le hinbhuanaitheacht.<br>Le **Rogha 2** soláthrófaí tairbhí níos mó ná rogha 1. Cé go bhfuil gníomhaíochtaí maidir le rialachas, faireachán, stoic straitéiseacha mar an gcéanna le rogha 1, soláthraítear le gníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht don slabhra luacha do fhreagairt níos straitéisí agus níos cuimsithí ar na cúiseanna leis na fadhbanna. Trí fhorbairt Tionscadal Straitéiseach a mholadh, le tacaíocht ó cheadú cuíchóirithe agus rochtain ar mhaoiniú, bheadh an rogha sin níos fearr chun cur le spriocanna soláthair an Aontais maidir le hamhábhair straitéiseacha ar fud an tslabhra luacha bhaint amach, agus mhéadófaí iomaíochas úsáideoirí iartheachtacha freisin. Chuirfeadh eolas níos fearr ar fáil do thomhaltóirí le dearbhuithe maidir le lorg comhshaoil le haghaidh amhábhair chriticiúla. Le bearta maidir le taiscéalaíocht nó dramhaíl, go háirithe maidir le spriocanna athchúrsála, d’fhéadfaí margadh láidir le haghaidh amhábhair thánaisteacha a fhorbairt tuilleadh.<br>Le **Rogha 3** meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíocha i bhfad níos mó ann do chuideachtaí agus don gheilleagar i gcoitinne, go háirithe trí thacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil le haghaidh faireacháin, stoic straitéiseacha nó éagsúlú riosca, a dhéanfaí trí chumas oibríochtúil seachtrach. Bhainfeadh tacaíocht mhaoiniúcháin na rogha do Thionscadail Straitéiseacha tairbhe freisin as ciste a mbeadh rochtain níos leithne air, agus chuirfí in iúl freisin go bhfuil leas sáraitheach ag an bpobal i dTionscadail Straitéiseacha, agus acmhainn riaracháin níos airde do na Ballstáit tacú leo. Chuirfeadh tairseacha le haghaidh loirg chomhshaoil le hinbhuanaitheacht amhábhair chriticiúla ar an margadh. Is ionann na roghanna maidir le dramhaíl, lorg comhshaoil agus caighdeáin agus roghanna i rogha 2. |
| **Cad iad costais na roghanna (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Is éard atá i gceist le **Rogha 1** íoschostais riaracháin do chuideachtaí móra atá ag feidhmiú sa slabhra luacha amhábhar criticiúil a mbeadh orthu faisnéis a thuairisciú maidir le faireachán |

chomh maith le roinnt monaróirí iartheachtacha. Tá costais ann freisin a bhaineann leis an lorg comhshaoil a bheadh i bhfeidhm maidir le gach cuideachta a dhíolann amhábhair chriticiúla a bhfuil rialacha maidir le ríomh ar fáil ina leith agus maidir le cuideachtaí ar mian leo éilimh ghinearálta ar lorg comhshaoil a dhéanamh. Baineann costais don Choimisiún agus do na Ballstáit go príomha le forfheidhmiú na mbeart atá beartaithe, go háirithe chun struchtúr rialachais a bhunú trína ndéanfaí na cúraimí ansin, agus ar oibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit (e.g. ar thaiscéalaíocht).

Bheadh costais chomhchosúla i gceist le **Rogha 2** do chuideachtaí, a gcuirfí costais nua leo d'oibreoirí dramhaíola eastóscaí agus do tháirgeoirí Trealaimh Leictreonaigh chun faisnéis a sholáthar maidir le hamhábhair chriticiúla ina dtáirgí agus ina sruthanna dramhaíola, faoi seach. Thiocfadh méadú ar na costais do na Ballstáit le ceanglais bhreise i gcomhthéacs taiscéalaíochta, cé go roinnfí na costais sin bunaithe ar mhéid críche tíre. Chumhdófaí sna costais don Choimisiún den chuid is mó córas éifeachtach rialachais agus faireacháin a bhunú, agus bearta eile a chur chun feidhme, e.g. maidir le ciorclaíocht, lorg comhshaoil.

Baineann costais shuntasacha don Choimisiún agus do na Ballstáit a bhaineann le cumas oibríochtúil seachtrach a chur ar bun le **Rogha 3**. Éascófaí leis sin raon feidhme níos leithne gníomhaíochtaí agus ar an dóigh sin bheadh sé níos éifeachtaí na cuspóirí sonracha a chomhlíonadh, ach bheadh tacaíocht bhuiséadach shuntasach ag teastáil ina leith. Chomh maith le costais chosúla mar atá i roghanna 1 agus 2, mhéadófaí leis an rogha sin costais ar chuideachtaí a chaithfeadh cloí le ceanglais bhreise maidir le hullmhacht, stoic straitéiseacha nó iniúchtaí ar a slabhraí soláthair.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Leis na bearta tosaíochta, bhainfeadh FBManna, amhail cuideachtaí sóisearacha taiscéalaíochta, leas as sonraí agus faisnéis bhreise a sholáthraíonn na Ballstáit. Ina theannta sin, bhainfeadh FBManna a oibríonn sa slabhra luacha amhábhar criticiúil nó in earnálacha iartheachtacha tairbhe as bearta breise faireacháin agus maolaithe riosca eile ar lú an seans go dtabharfadh siad fúthu leo féin. Ní chuirtear costais riaracháin dhíreacha amhail oibleagáidí tuairiscithe orthu. Bhainfeadh siad tairbhe freisin as rochtain mhéadaithe ar mhaoiniú.

Ar an iomlán, thacófaí le hiomaíochas thionscal an Aontais leis na bearta céanna a rachadh chun tairbhe do FBManna. Chuirfeadh forbairt Tionscadal Straitéiseach le hathléimneacht an Aontais trí shlabhra luacha amhábhar criticiúil a neartú, go háirithe le haghaidh amhábhair straitéiseacha, agus chuirfeadh ar chumas earnálacha iartheachtacha leas a bhaint as soláthar amhábhar criticiúil níos sláine agus dá bhrí sin dhéanfaí níos iomaíche iad maidir le hiomaitheoirí i gcodanna eile den domhan.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Thabhódh na Ballstáit costais a bhaineann le rannpháirtíocht sa struchtúr rialachais, le faisnéis a chomhroinnt leis an mbord agus le bearta a chur chun feidhme, e.g. maidir le comhordú stoc straitéiseach, ullmhacht riosca cuideachtaí, ceadú, dramhaíl agus taiscéalaíocht.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Níl aon tionchar suntasach eile beartaithe leis an tionscnamh seo. Táthar ag súil nach ndéanfaidh sé aon dochar suntasach don chomhshaol, agus os a choinne sin bearta a chothú lena gcuirtear ciorclaíocht amhábhar criticiúil agus a n-inbhuanaitheacht fheabhsaithe chun cinn trí bhearta um lorg comhshaoil.

| **Comhréireacht?** |
| --- |
| Tá an rogha ab fhearr ag teacht níos mó le prionsabal na comhréireachta toisc nach gcruthaítear léi cumas oibríochtúil seachtrach sonrach chun cúraimí a bhaineann le hamhábhair chriticiúla a fhorfheidhmiú. Ciallaíonn sé sin, áfach, go bhfuil níos lú éifeachtúlachta ag baint leis na cuspóirí sonracha a bhaint amach. |
| **D. Obair leantach** |
| Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht, ar chomhleanúnachas, ar ábharthacht agus ar bhreisluach AE maidir leis an tionscnamh reachtach sin agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún 5 bliana i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh. Féadfaidh an Coimisiún moladh a dhéanamh bunaithe ar an tuarascáil mheastóireachta maidir le feabhas a chur ar an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, ar cheart go dtomhaisfí leis freisin nuair a chuirfear chun feidhme é baint amach na spriocanna maidir leis an gcumas soláthair Eorpach arna gcur i láthair in IA. Tá na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn san áireamh sa mheasúnú. |